

An Eoraip a bhogadh i dtreo córas iarnróid  
inbhuanaithe, sábháilte, gan teorainneacha

# Glaó ar Iarratais ar phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadail) san Aonad um Pleanáil agus um Dheonú Ceaduithe

*Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) – d'fhonn painéal ionadaithe a bhunú freisin – ERA/AD/2025/001-OPE*

## *I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST*

Tá an Gníomhaireacht ag lorg Oifigigh Thionscadail a leithdháilfear ar na foirne ábhartha.

Beidh na daoine a cheapfar ag obair san [Aonad um Pleanáil agus um Dheonú Ceaduithe](#) san Fhoireann um Údarú Feithiclí faoi fhreagracht an Chinn Aonaid agus an Chinn Foirne faoi seach.

### **Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:**

- › Ról an mheasúnóra a chomhlíonadh i leith údaruithe cineálacha feithiclí le haghaidh feithiclí tarraingthe teirmeacha/leictreacha, feithiclí speisialta agus traenacha doscartha, agus béim ar leith á leagan ar mheasúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
  - an fochóras rothstoic, AGUS/NÓ
  - an fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (CCS) lena gcomhtháthaítear trealamh ERTMS ar bord
- › Ról an Bhainisteora Tionscadail a chomhlíonadh maidir le húdaruithe cineálacha feithiclí chun féachaint chuige go dtabharfar tionscadail chun críche in am agus i gcomhréir leis an mbuiséad, agus go mbeidh siad ar ardchaighdeán;
- › Féachaint chuige go dtabharfar chun críche in am tionscadail maidir le húdaruithe cineálacha feithiclí, go ndéanfar amhlaidh i gcomhréir leis an mbuiséad, agus go mbeidh siad ar ardchaighdeán;
- › Ról an teagmhálaí a chomhlíonadh i ndáil le hiarratais ar údaruithe cineálacha feithiclí;
- › An sruth oibre a chomhordú leis na húdaráis Náisiúnta Sábháilteachta maidir leis na húdaruithe cineálacha feithiclí;
- › Leas a bhaint, sna tionscadail, as taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh ó údaruithe cineálacha feithiclí;
- › Féachaint chuige go mbeidh faisnéis chruinn, chomhsheasmhach ar fáil maidir le billeáil i dtaobh tionscadail maidir le húdaruithe cineálacha feithiclí;
- › Féachaint cé na hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat rialála, ar an treoir thacaíochta nó ar an Ionad Ilfhreastail (chun fabhtanna a réiteach nó chun feabhas a chur ar an bpróiseas).

I gcomhair tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí na Foirne um Údarú Feithiclí, cliceáil ar an [nasc](#) seo

## II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarthóirí a chomhlíonfaidh gach ceann de na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach:

### 1. Riachtanais ghinearálta:

- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach<sup>1</sup> nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua);
- › A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- › Aon oibleagáidí eile arna bhforchur leis na dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu<sup>2</sup>;
- › Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh<sup>3</sup>;
- › A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh<sup>4</sup>;
- › Eolas an-mhaith ar theanga oifigiúil<sup>5</sup> de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile<sup>6</sup> de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina slánóidh an ball foirne 66 bliana d'aois<sup>7</sup>.

### 2. Cáilíochtaí iosta:

- › Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó agus taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;  
**NÓ**
- › Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana agus taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin.

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí eisithe ag údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais nó údaráis LEE (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach) agus cáilíochtaí a aithnítear mar chinn choibhéseacha ag údaráis ábhartha de chuid an Aontais nó de chuid Bhallstáit LEE.**

<sup>1</sup> Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

<sup>2</sup> Más infheidhme

<sup>3</sup> Sula gceapfar iarrthóir, ní mór don té a n-éireoidh leo teastas a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon tairfead coiriúil acu

<sup>4</sup> Sula gceapfar iad, cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leo faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Gníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 13 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

<sup>5</sup> Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do leibhéal C1 mar a shainítear é sa Chreat Chomhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE) <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

<sup>6</sup> Eolas ar an dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear é sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE)

<sup>7</sup> Féach Airteagal 52 (a) de Rialachán Foirne na nOifigeach, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí Sealadacha de réir analaí, Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach

**III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN**

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir critéir roghnúcháin. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonfaidh ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin, ní dhéanfar iad a eisiáil láithreach as an roghnú.

Na critéir roghnúcháin a úsáidfeadh chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí:

- › Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad (a fuarthas tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach) i réimse an iarnróid;
- › Eolas maith ar an mBéarla (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí réimse: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint);
- › Staidéar ollscoile i réimse na hInnealtóireachta NÓ na nEolaíochtaí Beachta<sup>8</sup>.

Critéir roghnúcháin bhreise a úsáidfeadh chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí:

- › Taithí ghairmiúil ábhartha<sup>9</sup> 2 bhliain ar a laghad sna réimsí a liostaítear sa sainchuntas ar an bpost;
- › Taithí ar thrí thionscadal ar a laghad a bhaineann le feithiclí tarraingthe teirmeacha nó leictreacha, feithiclí speisialta nó traenacha, ar tionscadail iad ina raibh an t-iarrthóir ar an bhfoireann a rinne na comhpháirteanna, na fochórais nó na feithiclí iarnróid a shonrú, a dhearadh, a mhonarú nó a thógáil, a dheimhniú, a shuiteáil, a údarú, a úsáid nó a chothabháil, nó cigireacht a dhéanamh orthu;

**Faisnéis faoi na trí thionscadal atá le cur san áireamh in iarratais na n-iarrthóirí:**

Ní mór aon bhosca téacs amháin a bheith in iarratais na n-iarrthóirí le haghaidh gach ceann de na tionscadail (trí cinn ar a laghad) maille le tuairisc theicniúil ar an gcineál feithicle atá i gceist.

Más rud é g raibh réiteach ar bord ón gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtála Iarnróid (ERTMS) faoi raon feidhme an tionscadail, tabhair tuilleadh sonraí faoi sin.

Iarrtar ar iarrthóirí míniú a thabhairt ar a ról sa tionscadal, agus béim á leagan acu ar na cúraimí a bhaineann leis an bpróiseas údaraithe feithiclí.

Ní áireoidh iarrthóirí faisnéis a bhaineann le leas tráchtála agus luach tráchtála, faisnéis a mheastar a bheith íogair ná faisnéis arna teorannú ag a húinéir do na húsáideoirí údaraithe amháin.

- › Meastar gur buntáiste é eolas maith ar an nGearmáinis<sup>10</sup> (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí réimse: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint). Más í an nGearmáinis máthairtheanga an iarrthóra, measfar gurb ionann a leibheál eolais agus leibhéal C2 le haghaidh na dtrí réimse.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh i bhfoirm iarratais ERA ar na cáilíochtaí oideachais/acadúla agus ar an taithí ghairmiúil atá acu.**

<sup>8</sup> Is ionann na hEolaíochtaí Beachta agus réimsí na heolaíochta sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ó thaobh torthaí de". Samplaí de na heolaíochtaí beachta is ea iad an Mhatamaitic, an Cheimic agus an Fhisic

<sup>9</sup> Ba cheart cur síos a dhéanamh ar do chuid taithí ábhartha i d'iarratas ERA

<sup>10</sup> Ar bhonn an ualaigh gníomhaíochtaí le haghaidh údarú feithiclí, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a fhostú a bhfuil líofacht mhaith acu sa teanga a shonraítear, ar leibhéal B2 ar a laghad sna trí réimse: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint

120 Rue Marc Lefrancq | BP 20392 | FR-59307 Valenciennes Cedex

Teil. +33 (0)327 09 65 00 | era.europa.eu

Is iad na hiarrthóirí a bhainfidh amach 60 % ar a laghad de na pointí iomlána a bhronntar i leith na gcritéar roghnúcháin, agus ina leith sin amháin, a chuirfear san áireamh agus a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus ar thriail scríofa.

#### **IV - AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA**

I gcás iarrthóirí a roghnófar i gcomhair chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir na gcritéar seo a leanas:

##### **Don agallamh:**

###### **Scileanna boga (ní dhéantar measúnú orthu ach le linn an agallaimh amháin):**

- › Spreagadh;
- › A bheith ag obair le daoine eile;
- › Dírithe ar cháilíocht agus ar thorthaí;
- › Scileanna cumarsáide;
- › Dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil.

###### **Scileanna crua:**

- › An cumas cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2);
- › Eolas agus tuiscint ar fheidhmiú an chórais iarnróid, lena n-áirítear tuiscint ar an ngaol idir na gnéithe teicniúla, na ról agus na heagraíochtaí;
- › Eolas ar an bpróiseas údaraithe feithicle de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún;
- › Eolas ar na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STI) le haghaidh an rothstoic, i.e. Rialachán (AE) 2014/1302 ón gCoimisiún AGUS/NÓ;
- › Eolas ar na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STI) le haghaidh an fhochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht, i.e. Rialachán (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún AGUS/NÓ;
- › Eolas ar an modh comhchoiteann sábháilteachta le haghaidh meastóireacht riosca agus measúnú riosca, i.e. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 402/2013 ón gCoimisiún.

##### **Don triail scríofa: critéir ábhartha:**

- › Scileanna dréachtaithe;
- › Sárscileanna maidir le hanailís a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach;
- › An cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla scríofa (mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2).

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais a labhraíonn tú. Toisc gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, cuirfear as an áireamh ón bpróiseas roghnúcháin thú mura n-éireoidh leat a léiriú go bhfuil leibhéal sásúil cumarsáide agat sa dara teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Déanfar tástáil cháilíochtúil ar an nGearmáinis le linn an agallaimh más rud é nach í teanga dhúchais an iarrthóra í.

Is mar seo a leanas a chinntear na scóir i leith na n-agallamh agus na trialach scríofa:

- › An scór iomlán don agallamh: **80 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: 48 bpointe (60 %);
- › An scór iomlán don triail scríofa: **20 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: 12 phointe (60 %).

**Ní dhéanfar measúnú ar thriail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach bhfaighfear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**

<i>V - ACHOIMRE</i>	
<i>An Gníomhaireacht:</i> Clliceáil <a href="#">anseo</a> i gcomhair cur síos ar an nGníomhaireacht agus ar a gníomhaíochtaí, i dteangacha éagsúla an Aontais	
<i>Dáta foilsithe:</i> 15/04/2025	<i>Spríodhata le haghaidh iarratas:</i> 14/05/2025 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes)
<i>Cineál conartha:</i> Gníomhaire Sealadach 2(f) Feidhmghrúpa agus grád: AD6	<i>Áit fostaíochta:</i> Valenciennes, An Fhrainc
<i>Fad an chonartha:</i> 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 2 bhliain. Má dhéantar é a athnuachan an dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist	<i>Buntuarastal míosúil:</i> EUR 6 681,51 ag céim 1 le fachtóir ualúcháin 14,2 % mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme
<i>Ní mór iarratais a sheoladh, ar an ríomhphost amháin, chuig an mbosca ríomhphoist a leanas:</i> <a href="mailto:jobs@era.europa.eu">jobs@era.europa.eu</a> faoi 14/05/2025 (23:59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) ar a dhéanaí	<i>Painéal ionadaithe:</i> Cuirfear na chéad 18 n-iarrthóir (lín tásach) ar an bpainéal ionadaithe, agus beidh sé sin bailí go dtí: 14/05/2027 agus an fhéidearthacht ann síneadh a chur leis an tréimhse sin
<i>An nós imeachta iarratais:</i> clliceáil <a href="#">anseo</a>	<i>An nós imeachta roghnúcháin:</i> clliceáil <a href="#">anseo</a>
<i>An nós imeachta achomhairc agus an nós imeachta gearáin:</i> clliceáil <a href="#">anseo</a>	<i>Cosaint sonraí:</i> clliceáil ar <a href="#">Cosaint Sonraí   Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (europa.eu)</a> agus scrolláil síos chuig an rannán a bhaineann le Foireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) a roghnú agus a fhostú